AN CHÚIRT ACHOMHAIRC

Idir:

SÍLE UÍ BHRIAIN

GEARÁNAÍ / ACHOMHARCÓIR

- agus –

DONNCHA Ó MURCHÚ

COSANTÓIR / FREAGRÓIR

CEIST

Tá aimseadóir buí darbh ainm Dioscó ag an Uasal Ó Murchú agus tá an madra sin cúig bliana d'aois. Tá nádúr bríomhar agus spraíúil ag an madra. Thart ar a 4 i.n. ar an 25 Lúnasa 2017, bhí an tUasal Ó Murchú agus Dioscó ar chuid den trá agus iad ag baint feamainne don lá, mar a bhí de cheart aige. Ní raibh an madra ar iall. Bhí Bean Uí Bhriain, ar thaitin madraí go mór léi, ag siúl ar an gcosán poiblí cois trá agus, nuair a chonaic sí Dioscó, chuaigh sí caol díreach síos ar an trá tríd garraí príobháideach. Chrom sí chun peataireacht a dhéanamh ar an madra agus léim an madra suas uirthi, rud ba chúis lena titim siar thar chosán siúlóide adhmaid agus a ceann a bhualadh ar chloch. Mar thoradh air sin, d'éirigh drochdhíobhálacha pearsanta di.

AN ARD-CHÚIRT

Chuir Bean Uí Bhriain tús le cás san Ard-Chúirt maidir leis na díobhálacha pearsanta a d'fhulaing sí. D'éiligh sí damáistí ar fhorais faillí agus faoi alt 21 (1) den Acht um Rialú Madraí 1986.

D'éist an Breitheamh Seamus Ó Duinn an cás san Ard-Chúirt agus chinn sé i bhfabhar an Chosantóra. Bhí an dá phointe seo a leanas mar bhunús lena chinneadh:

1. Dúirt an Breitheamh nár leor nach raibh iall ar an madra cois trá chun an dualgas cúraim a shárú.

2. Dúirt an Breitheamh nach bhfuil dliteanas dian san Acht um Rialú Madraí 1986 ach maidir le "hionsaithe" ó ainmhithe amháin agus, anuas air sin, nach ionsaí a bhí in iompar spraíúil bríomhar an mhadra agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh go n-éireodh le Bean Uí Bhriain de réir an tAcht um Rialú Madraí 1986.

Rinne an Gearánaí (Síle Uí Bhriain) achomharc chun na Cúirte Achomhairc i dtaobh an dá phointe sin.